Lámhleabhar Tacaíochta

Support Handbook

Conradh na Gaeilge

SEACHTAIN na Gaeilge

scéal.ie

Caint & Comhrá

scéal.ie/caint

Clár

3 - Réamhrá | Intro
4 - Conas ciorcal comhrá a bhunú | How to start a ciorcal comhrá
5 - Cluichí Teanga | Language Games
6 - Gaolta | Relations
7 - Athbhliain | New Year
8 - Na Séasúir | The Seasons
9 - Lá Fhéile Vailintín | Valentine's Day
11 - Saoire | Holidays
12 -Oideachas | Education
13 - Logainmneacha | Placenames
14 - Caitheamh Aimsire | Pastime
16 -Ceol | Music
17 - C.L.G | G.A.A
18 - An tIdirlíon | The Internet
19 - Áiseanna | Resources
20 - Cultúr | Culture
21 - Lá na gCiorcal | Conversation Circle Day
22 - An Ciste Spreagtha

Teagmháil

caint@cnag.ie

www.scéal.ie

Caint & Comhrá, 66 Sráid Camden Íochtarach,
Baile Átha Cliath 2, D02 X201,

Conradh na Gaeilge

Caint & Comhrá

scéal.ie/caint

scéal.ie

Is iomaí Ciorcal Comhrá atá ar siúl ar fud na tíre, maraon le grúpaí pobail Ghaeilge, grúpaí siúil trí Ghaeilge agus foirne spóirt a fheidhmíonn trí Ghaeilge. Tá grúpaí éagsúla in oiriúint do gach leibhéal agus cumas teanga. Tugann na ciorcail chomhrá seo deis do dhaoine a gcuid Gaeilge a úsáid, is cuma más foghlaimeoir le cúpla focal iad nó cainteoir ó dhúchais atá ag iarraidh bualadh le daoine nua le Gaeilge acu. Creideann Conradh na Gaeilge nach bhfuil slua de dhíth le daoine a chur ag labhairt i nGaeilge i ngach cearn den tír – is leor beirt!

Mar sin, cuireadh tús leis an chéad ghréasán náisiúnta de chiorcail chomhrá faoi theideal an fheachtais Caint & Comhrá i gcomhar le Scéimeanna Phobail Gaeilge timpeall an oileáin. Tá sé an-éasca grúpa nua Caint & Comhrá a bhunú – níl ag teastáil ach go mbuailfidh grúpa beag le chéile i gcaife áitiúil nó sa bhialann san ionad oibre le comhrá le chéile i nGaeilge ar bhonn rialta.

Níl aon chostas nó am breise de dhíth chun páirt a ghlacadh i ngréasán Gaeilge Caint & Comhrá, ó seo am lóin nó sos caife a bheadh á ghlacadh ag daoine ar aon nós, ach beidh sé á ghlacadh acu i suíomh éagsúil anois i dteannta daoine eile sa tsuim sa teanga. Nuair atá am, áit agus sonraí teagmhála agat don chiorcal comhrá, seol na sonraí chuig: caint@cnag.ie nó is féidir imeachtaí a chlárú ar scéal.ie féin

Is féidir teacht ar Chiorcal Comhrá i do cheantar fhéin ag baint úsáid as rannóg "Imeachtaí" ar scéal.ie

Conas ciorcal comhrá a bhunú

1. Socraigh áit agus lá le haghaidh an chiorcail chomhrá.
2. Cláraigh an t-imeacht ar scéal.ie
3. Scaip an scéal- Cuir fógra amach in sna meáin áitiúla agus ar na meáin shóisilata
4. Cuir póstaeir in airde le tuilleadh eolais
5. Bí cinnte fáilte mhór a chur roimh dhaoine chun iad a chur ar a gcompord
6. Smaoinigh ar ábhar cainte chun tús a chur le gach seisiún agus déan iarracht go mbeidh gach duine ag glacadh páirte sa chomhrá.

Sa leabhrán seo

Tá ábhar an lámhleabhair seo dírithe ar thacú leat leis an gciorcal comhrá a eagrú. Tá ábhar plé & ceisteanna éagsúla sa lámhleabhar gur féidir a úsáid sa ghrúpa.

Tá 15 ceist i ngach catagóir plé agus iad roinnte i dtrí rannóg - Céim 1, 2 & 3, ag brath ar an leibhéal Gaeilge atá sa ghrúpa. Is féidir le bhur ngrúpa cibé rannóg a roghnú bunaithe ar chumas cainte an ghrúpa.

Acmhainní Molta

- Cártaí Comhrá trí Ghaeilge
- Cluichí Teanga
- Cluichí eile
- Tráth na gCeist
- Stór Focal

Cluichí Teanga | Icebreakers

Cé Mise?

1. Faigh píosaí páipéir nó nótaí post-it agus scríobh ainmneacha daoine cáiliúla orthu.
2. Greamaigh na píosaí páipéir ar éadain na ndaoine atá ag freastal ar an gciorcal.
3. Duine i ndiaidh duine, cuir ceisteanna ar na daoine eile faoi shaol an duine, mar shampla: An bhfuil mé fós beo? An bean mé? An aisteoir mé?
4. Tabhair buille faoi thuairim ar an duine atá ar d'éadan.

Searáidí

1. Tá píosa réamhoibre i gceist leis an gceann seo d'éascaitheoir an chiorcail.
2. Téigh go snag.ie/cluichí agus brú ar an nasc do searáidí agus priontáil agus gear amach na cártaí.
3. Cuir amadóirar siúl ar feadh 30 soicind agus tosaíonn duine amháin ag cur na searáide in iúl agus an duine/na daoine eile ag tabhairt buille faoi thuairim ar an bhfreagra.
4. Tabhair pointe amháin do chuile fhreagra ceart agus bíonn an bua ag an bhfoireann/duine leis na pointí is mó ar deireadh.

Dhá fhírinne agus bréag amháin

1. Tosaíonn duine amháin agus insíonn siad 3 fhíric futhu fhéin don ghrúpa.
2. Beidh ceann amháin de na 'fíricí' seo bréagach agus beidh ar an ngrúpa na fíricí uilig a fhiosrú agus an ceann bréagach a aithint!.
3. Tar éis na ceisteanna uilig ón ngrúpa, beidh vóta le caitheamh ag an ngrúpa faoin gceann bréagach.
4. Má fhaigheann siad i gceart é, beidh an bua ag an ngrúpa ach mura bhfuil sé i gceart beidh an bua ag an duine - tosóidh sé arís leis an gcéad duine eile.

Gaolta | Relations

1
Tosaitheoirí

An bhfuil clann agat féin?
Cé mhéad páiste atá agat?
An bhfuil garinín(acha)/garmhac(garmhic) agat?
An bhfuil tú gaolta/muinteartha le duine cáiliúil ar bith?
Conas mar a réitíonn tú le do dheirfiur(acha)/ le do dhearthair(eacha)?

2
Meánleibheál

An bhfuil do thuismitheoirí fós beo?
Cén aois atá ar do chol ceathracha?
An bhfuil aithne agat ar do chol seisreacha agus do chol ochtracha?
Cén taobh den teaghlach ina bhfuil níos mó col ceathracha agat - taobh do mháthar nó ar thaobh d'athar?
An bhfuil sibh doicheallach i do theaghlach nó an mbíonn sé deacair teacht eadraibh?

3
Ardleibhéal

An bhfuil tú i gcaidreamh/pósta/scartha le duine ar bith?
Conas mar a reitíonn tú le do ghaolta cleamhnais?
An bhfuil sé éasca clann a thógáil sa lá atá inniu ann?
An bhfuil sé doiligh clann a thógáil le Gaeilge?
An ndearna tú staidéar ar ghinealas do mhuintire - crann ginealaigh déánta agat?

Foclóir

Col Seisir ---> Second Cousin
Col Ochtair ---> Third Cousin
Doicheallach ---> Clannish
Gaolta Cleamhnais ---> In-Laws
Ginealas ---> Geneology

Athbhliain | New Year

1 Tosaitheoirí

An ndearna tú aon rud ar Oíche Chinn Bliana?
Ar fhreastail tú ar chóisir le cairde?
Cá raibh tú ag meánoíche?
An ndeachaigh tú ag snámh san fharraige ar Lá na Coille/Lá na Bliana Úire?
An bhfuil rún Athbhliana ar bith agat?

2 Meánleibheál

Ar mhaith leat cúrsa léinn san Athbhliain a dhéanamh?
An bhfuil sé i gceist agat obair charthanachta a dhéanamh i mbliana?
An ndeachaigh tú amach ar an dreoilín Lá 'le Stiofáin?
An bhfuil sé de rún agat dul i mbun an spóirt an bhliain seo?
Ar chláraigh tú le spórtlann don Bhliain Úr?

3 Ardleibhéal

An dóigh leat go bhfuil luach airgid le fáil as freastal ar spórtlann chorpacmhainne?
An dtaitníonn sé leat ag déanamh gleacaíochta sa spórtlann aclaíochta?
Dá mbeadh an t-airgead agat, cén eagraíocht charthanachta a mbeadh tú sásta cabhrú léi?
An dtabharfaidh tú faoin taisteal sna míonna amach romhainn?
An bhfuil ag éirí leat cloígh leis na rúin Athbhliana a rinne tú ag tús na bliana?

Foclóir

Carthanacht ---> Charity
Lá na Coille ---> New Year's Day
Corpacmhainn ---> Fitness
Gleacaíocht ---> Gymnastics
Rúin ---> Resoultions

Na Séasúir | The Seasons

1
Tosaitheoirí

An dtaitníonn an sneachta leat?
An raibh do scoil áitiúil dúnta mar gheall ar an sneachta riamh?
An gcuireann sioc ar an mbóthar isteach ort?
An raibh tú gan aibhléis riamh mar gheall ar an drochaimsir?
Ar gabhadh tú i síobadh sneachta roimhe seo?

2
Meánleibheál

Ar shleamhnaigh tú ar oighear riamh?
Ar chlis an cadhnra sa ghluaisteán ort?
An gcaitheann tú níos mó airgid ar bhreosla san Earrach?
An dtabharfaidh tú cuairt ar chomharsana cnagaosta leat?
An raibh tuillte bóithre sa cheantar?

3
Ardleibhéal

Cad é an rud is fearr faoin Earrach, i do thuairim?
An bhfuil tú ag beartú dul thar sáile i rith an tsamhraidh?
An bhfuil tú buartha go gcuirfidh an aimsir isteach ar d'aistear?
An dóigh leat gur téamh domhanda is cúis leis an drochaimsir le déanaí?
Cé chomh fhada is a mhairfidh an samhradh i mbliana?

Foclóir

Aibhléis ---> Electricity
Síobadh ---> Sneachta Blizzard
Clis ---> Fail
Cnagaosta ---> Eldery
Aistear---> Journey
Téamh Domhanda ---> Global Warming

Lá Fhéile Vailintín | Valentine's Day

1
Tosaitheoirí

An dtaitníonn bláthanna leat?
Ar seoladh bláthanna chuig d'áit oibre riamh?
Ar amharc tú ar scannán rómánsach le déanaí?
Ar sheol tú cárta Vailintín i mbliana?
An ndeachaigh tú amach ar Oíche Vailintín?

2
Meánleibheál

Ar cheannaigh tú nó an bhfuair tú féirín Vailintín iontach costasach riamh?
An dóigh leat go mbíonn brú ar leannáin an-chuid airgid a chaitheamh ar an lá?
An ndéantaí croíthe de pháipéar nuair a bhíteá ar scoil?
An cuimhin leat an chéad dhuine a raibh dúil agat ann/inti?
An bhfuil dán grá i nGaeilge a dtaitníonn leat?

3
Ardleibhéal

An gcuireann sé as duit go mbíonn gach bialann plódaithe le lánúineacha?
An gceapann tú go bhfuil an iomarca ráchtálaíochta i gceist le Lá Fhéile Vailintín?
Ar bhain tú trial as geandáil ghasta riamh?
An gcreideann tú nach bhfuil leigheas ar an ngrá ach pósadh?!
An bhfuil sé éasca teacht ar chártaí Gaeilge?

Foclóir

Tráchtálaíocht ---> Commercialisation
Féirín ---> Gift, Present
Leannáin ---> Lovers
Lánúineacha ---> Couples
Geandáil Ghasta ---> Speed Dating

Glac páirt sa GHLUAISEACHT

Úsáid do Ghlór, Bí i do bhall!

NÍ NEART GO CUR LE CHÉILE

Mar bhall den Chonradh beidh tú:

1. I do bhall i gceann de na heagraíochtaí is sine atá go leanúnach ceannródaíoch i gcur chun cinn na Gaeilge.
2. In ann mianta do phobail a chur ar chlár oibre Chonradh na Gaeilge.
3. Ag láidriú ghluaiseacht na Gaeilge & an Chonartha, ag cur mianta phobal na Gaeilge agus na Gaeltachta chun cinn ar fud na tíre.
4. I dteideal freastal ar sheisiúin traenála agus tacaíochta eagraithe ag an gConradh.
5. Mar chuid de ghréasán daoine atá i mbun na hoibre céanna fud fad na tíre agus ar fud an domhain.

Tá 3 shaghas ballraíochta againn:

Baill Aonair

Freastalaíonn an córas ballraíochta seo ar an duine nach bhfuil in ann páirt a ghlacadh in obair chraoibhe ach ar mhaith leo a bheith páirteach i gcur chun cinn na Gaeilge.

Tá deis ag gach ball freastal ar an Ard-Fheis gach bliain lena gcuid tuairimí a nochtadh agus páirt a ghlacadh sna díospóireachtaí agus in obair na heagraíochta.

Craobhacha Eagraíochta

Is í seo an chraobh thraidisiúnta, dheonach a bhí riamh agus atá fós mar chroílár na heagraíochta.

Is féidir craobh a bhunú tú fhéin nó a bheith páirteach le craobh atá ag feidhmiú cheana agus a bheith bainteach leis an eagraíocht Gaeilge is sine sa tír.

Níl de dhíth le craobh a bhunú ach coiste de cheathrar atá sásta imeachtaí sóisialta a eagrú ina gceantar féin nó/agus a bheith gníomhach i gcóras daonlathach na heagraíochta.

Craobhacha Comhpháirteacha

Is éard atá i gceist le Craobh Chomhpháirteach ná grúpa Gaeilge lena stádas dlí fhéin atá ag iarraidh fós a bheith páirteach i gConradh na Gaeilge (mar shampla comharchumann Gaeltachta, grúpa Gaeilge le stádas cuideachta acu cheana féin, srl.)

Beidh grúpaí den tsaghas seo in ann clárú mar Chraobh Chomhpháirteach le Conradh na Gaeilge agus páirt a ghlacadh san eagraíocht.

cnag.ie/ballraiocht

Saoire | Holidays

1
Tosaitheoirí

An rachaidh tú ar saoire in Éirinn?
An mbeidh tú ag dul thar lear/thar sáile i mbliana?
Cé mhéad lá a ghlacann tú ar son shaoire an samhraidh?
An raibh tú ar chúrsa Gaeltachta riamh?
An bhfuil árachas taistil agat?

2
Meánleibheál

An mbíonn tú ag smaoineamh faoi chúrsaí oibre agus tú ar saoire?
Cá háit a rachfá ar saoire dá mbuafá an Crannchur Náisiúnta?
An mbíonn suaimhneas ar bith agat toisc go nach bhfuil scoil ag na gasúir?
An dtéann tú ar shaoirí siúlóide go minic?
Tá caint ann Camino na hÉireann a chur chun cinn anseo. Cad a cheapann tú?

3
Ardleibhéal

Cad í an áit is ansa leat in Éirinn?
An duine tinneallach tú agus tá ar eitleán?
An smaoiníonn tú faoi lorg carbóin agus agat is tú ag dul thar sáile?
Cén fáth go labhraíonn go leor daoine níos mó Gaeilge is iad ar saoire ná mar a labhraítear sa bhaile?
An raibh seans agat freastal ar an Tionól Gaeltachta riamh?

Foclóir

Árachas ---> Insurance
Suaimhneas ---> Tranquility
Is Ansa ---> Most Cherished
Tinneallach ---> Nervous
Lorg Carbóin ---> Carbon Footprint

Oideachas | Education

1
Tosaitheoirí

An bhfuil tú ag déanamh staidéir faoi láthair?
Cad iad na hábhair is mó a thaitníonn leat?
Cá ndeachaigh tú ar an gcoláiste?
An ndearna tú staidéar ar an nGaeilge?
Ar éirigh go maith leat sna scrúdaithe?

2
Meánleibheál

An dtaitníonn sé leat a bheith ag scríobh aistí?
An bhfuil tú go maith ag foghlaim rudaí de ghlanmheabhair?
Cén múinteoir a ndeachaigh i bhfeidhm ort is tú ar an meánscoil?
Ar chóir do gach duine teanga bhreise a fhoghlaim?
Dá mbeadh sé le déanamh agat arís an roghnófá na hábhair chéanna sa mheánscoil?

3
Ardleibhéal

Cad faoi ábhair bhreise gur chóir a bheith ar an gcuraclam?
An dóigh leat go bhfuil barraíocht béime ar infhostaíocht sa chóras oideachais?
An gcreideann tú sa choincheap 'foghlaim fad saoil' ?
An bhfuil trua agat do dhaltaí a bhfuil scrúdaithe tábhachta i mbliana acu?
An scrúdaithe an bealach is fearr chun tomhas a dhéanamh ar an méid atá foghlamtha agat?

Foclóir

De Ghlanmheabhair ---> To memorise
Dul i bhfeidhm ar ---> To influence
Infhostaíocht ---> Employabiltiy
Foghlaim Fad Saoil ---> Life Long Learning
Tomhas ---> Gauge

Logainmneacha | Placenames

1
Tosaitheoirí

Cá bhfuil cónaí ort?
Cárbh as duit ó dhúchas?
An dtuigeann tú céard is brí le hainm do cheantar is do chontae?
An bhfuil cosúlacht idir leagan Gaeilge agus leagan Béarla ainm na háite?
An mbaineann tú leas as leagan Gaeilge den seoladh baile atá agat?

2
Meánleibhéal

An dtaitníonn fuaim nó foghraíocht na bhfocal éagsúla leat?
Ar bhain tú úsáid as logainm.ie nó placenamesni.org ariamh?
An bhfuil béaloideas ar bith i do cheantar?
An ndearna tú staidéar ar an dinnseanchas ariamh?
An bhfuil comharthaí bóthair nó sráide atá míchruinn i do cheantar?

3
Ardleibhéal

An gcuireann tú spéis sa sanasaíocht go ginearálta?
Cad is brí le do chéad ainm is do shloinne?
Níl ach an Ghaeilge ar chomharthaí bóthair sa Ghaeltacht- céard a cheapann tú faoi sin?
An dóigh leat go bhfuil an dinnseanchas i mbaol ó chóras na gcódphost?
An ndearna córas na n-uimhreacha bóthair dochar don nasc atá ag an phobal ó thuaidh leis an dinnseanchas áitiúla?

Foclóir

Foghraíocht ---> Phonetics
Béaloideas ---> Folklore
Míchruinn ---> Incorrect
Dinnseachas ---> Topography
Sanasaíocht ---> Etymology

Caitheamh Aimsire | Pastimes

1
Tosaitheoirí

Cén caitheamh aimsire atá agat?
An mbíonn tú ag freastal ar ranganna?
An bhfuil sé i gceist agat cúrsa ríomhaireachta a dhéanamh?
An bhfuil aon chúrsa amhránaíochta ar siúl i do cheantar?
Cén áit a mbíonn tú ag cleachtadh ceoil?

2
Meánleibhéal

An bhfuil tú mar bhall den chlub leabhar áitiúil?
An bhfuil spéis agat i stair áitiúil?
An bhfuil sé ar intinn agat scileanna nua a fhoghlaim?
Cén fhad a mhaireann an cúrsa garraíodóireachta i do cheantar?
An mbeadh suim agat i rang faisin i gcoláiste ealaíne?

3
Ardleibhéal

Ar mhaith leat breáthacht a chur ar do scileanna cumarsáide?
An bhfuil ranganna cócaireachta ar fáil i do cheantar?
Conas ar éirigh leat ag foghlaim teanga ón iasacht?
An dtéann tú ag cnocadóireacht nó ag dreapadóiracht leat féin nó le grúpa?
Ar mhaith leat go mbeidh níos mó imeachtaí trí Ghaeilge ar fáil? Cén sórt imeachtaí?

Foclóir

Garraíodóireacht ---> Gardening
Breáthacht ---> Excellence
Ón Iasacht ---> From Abroad
Cnocadóireacht ---> Hill-walking
Dreapadóireacht ---> Climbing

scéal.ie

Lárphointe eolais na Gaeilge

Imeachtaí | Folúntais | Lárionaid | Seirbhísí

Áiseanna eile, chomh maith le

Cnuasach Eolais ar gach ghné den saol le agus trí Ghaeilge

Nuachtlitir laethiúil ar ríomhphost agus WhatsApp

Conradh na Gaeilge

Le tacaíocht ó Foras na Gaeilge

scéal@cnag.ie

Ceol | Music

1
Tosaitheoirí

An bhfuil ceol nó amhránaíocht nó damhsa agat?
Cén uirlis cheoil is fearr leat?
Cén sórt ceoil a éisteann tú leis?
An maith leat amhráin shean-nós?
Cad a cheapann tú faoi snagcheol?

2
Meánleibheál

Cén caitheamh aimsire atá agat?
An mbíonn tú ag freastal ar ranganna?
An bhfuil sé i gceist agat cúrsa ríomhaireachta a dhéanamh?
An bhfuil aon chúrsa amhránaíochta ar siúl i do cheantar?
Cén áit a mbíonn tú ag cleachtadh ceoil?

3
Ardleibhéal

Cén caitheamh aimsire atá agat?
An mbíonn tú ag freastal ar ranganna?
An bhfuil sé i gceist agat cúrsa ríomhaireachta a dhéanamh?
An bhfuil aon chúrsa amhránaíochta ar siúl i do cheantar?
Cén áit a mbíonn tú ag cleachtadh ceoil?

Foclóir

Snagcheol ---> Jazz
Cleas Cóisire ---> Party Piece
Ceiliúrán ---> Celebrity
Tóir ---> Demand
Ceirnín Vinile ---> Vinyl Record

C.L.G | G.A.A

1
Tosaitheoirí

An bhfuil tú bainteach leis an CLG?
An dtuigeann tú na rialacha i gcluiche peile/iomána?
An dóigh leat go bhfuil an iomáint níos deacra ná an pheil?
Ar imir tú cluiche liathróid láimhe riamh?
An mbreathnaíonn tú ar pheil na mban ar an teilifís?

2
Meánleibheál

An bhfuil tú bródúil as an bhfoireann ó docheantar féin?
Conas atá ag éirí leo?
An dóigh leat go bhfuil sé tábhachtach go mbeidh daoine óga ag glacadh páirte i spórt foirne?
An mbíonn daoine dúghafa le cúrsaí CLG agus faoi chúrsaí spóirt go ginearálta?
Ar chuala tú trácht ar na Cluichí Tailteann?

3
Ardleibhéal

Meas tú go bhfuil clubana áitiúla CLG go maith ag cothú pobail i gceantar?
An mbíonn an Ghaeilge curtha chun cinn i Scór agus imeachtaí eile den CLG?
An nglacann do chlub áitiúil páirt i gcomórtas Ghlór na nGael ar son clubanna CLG?
An bhfuil aitheantas níos fearr anois do fhoirne pheil na mban/camógaíochta?
Cad faoi ghairmiúlacht sa CLG - ar chóir na himreoirí CLG a íoc?

Foclóir

Dúghafa ---> Obsessed
Ag Cothú ---> Cultivating
Aitheantas ---> Recognition
Gairmiúlacht ---> Professionalism
Clubanna ---> Áitiúla Local Clubs

An tIdirlíon | The Internet

1
Tosaitheoirí

An bhfuil ríomhaire agat?
Cén taithí atá agat ar an idirlíon?
An bhfuil cúntas ríomhphoist agat?
An mbaineann tú úsáid as na meáin shióisialta?
Cad a cheapann tú faoi aipeanna?

2
Meánleibheál

An bhfuil tú compórdach ag íoc as earraí ar líne?
Cé chomh minic a amharcann tú ar do ghuthán cliste gach lá?
An mbeifeá in ann staonadh ón idirlíon?
An bhfaca tú samplaí de nuacht bhréige ar an idirlíon riamh?
Cad a cheapann tú faoi chleamhnas thar an idirlíon?

3
Ardleibhéal

An fiú nuachtáin a cheannach a thuilleadh?
An dóigh leat go bhfuil an iomarca maistíneachta ar an idirlíon?
An bhfuil áiseanna maithe ar an idirlíon chun na Gaeilge a fhoghlaim?
An bhfuil tú mar bhall de 'Gaeilge Amháin' nó grúpa eile Gaeilge ar Facebook?
Ar ghlac tú páirt in aon fheachtas mór ar an idirlíon?

Foclóir

Na Meáin Shóisilata ---> Social media
Maistíneacht ---> Bullying
Earraí ---> Items
Staonadh ---> Abstain
Cleamhnas ---> Matchmaking

Áiseanna | Resources

1
Tosaitheoirí

An bhfuil cúrsa Gaeilge ar líne déanta agat?
Cén rogha is fearr leat - freastal ar rang Gaeilge nó cúrsa a dhéanamh ar líne?
An bhfuil sé éasca teacht ar áiseanna chun na Gaeilge a fhoghlaim?
Cad a cheapann tú faoi aip Sheachtain na Gaeilge?

2
Meánleibhéal

Ar bhain tú triail as Duolingo?
Tá an-tóir ar an nGaeilge ar Duolingo ó dhaoine timpeall an domhain - meas tú, cén fáth?
Cén foclóir Gaeilge ar líne is fearr leat?
Ar bhain tu triail as Google Translate riamh?
An bhfuil sampla seafóideach ó Google Translate agat?

3
Ardleibhéal

An léann tú foinsí nuachta trí Ghaeilge ar líne?
Cén sórt scéalta a léann tú - cén fáth na cinn sin?
An mbaineann tú leas as PEIG.ie?
Cad a shíleann tú faoi nuachtlitir an lae a sheolann PEIG.ie?
An n-éistíonn tú le podchraoltaí as Gaeilge?

Nascanna

Suíomhanna Úsáideacha:

www.focloir.ie
www.tearma.ie
www.teanglann.ie
www.tuairisc.ie
www.nos.ie
www.scéal.ie

Cultúr | Culture

1
Tosaitheoirí

An raibh tú ar thóir an chultúir in Éirinn riamh?
An dtuigeann tú brí na logainmneacha i do cheantar féin?
An bhfuil cur amach agat ar sheoltóireacht sa churach?
An dtaitníonn an drámaíocht leat?
An scríobhann tú féin dánta?

2
Meánleibheál

Ar chas tú amhrán ag feis riamh?
Ar chuala tú seanchaí ag insint scéalta riamh?
An bhfreastalaíonn tú ar sheisiúin cheoil go minic?
An bhfuil dealbh faoi leith is fearr leat in Éirinn?
Cad é an scannán deireannach go bhfaca tú?

3
Ardleibhéal

An mbaiceann tú le Dánlanna agus Iarsmalanna is tú thar sáile?
An labhair tú riamh le Éireannach Nua faoi chultíúr s'acu féin?
An ndeachaigh tú ar cuairt ar an Leabharlann Náisiúnta/An Ard-Mhúsaem/Réadlann Ard Mhacha?
An éisteann tú le stáisiún raidió ar nós Raidió na Gaeltacha/Raidió Rírá/ Raidió na Life/Raidió Fáilte?

Foclóir

Dánlánn ---> Gallery
Iarsmalann ---> Museum
Réadlann ---> Observatory
Tráchtálú ---> Commercialisation
Ábharachas ---> Materialism

Lá na gCiorcal | Conversation Circle Day

11/03/2026

Thosaigh muid ag ceiliúradh Lá na gCiorcal do Sheachtain na Gaeilge 2023 agus ba mhór an rath a bhí ann. Bíonn ar a laghad ciorcal comhrá amháin ag tarlú i ngach contae agus tá muid ag súil le níos mó arís i mbliana!

Freastal ar chiorcal comhrá i do cheantar nó is féidir leatsa do cheann féin a bhunú.

Beidh muid ag ceiliúradh Lá na gCiorcal arís i mbliana ar 11 Márta 2026, bígí páirteach ann!

Téigh go snag.ie/la-na-gciorcal nó scan an cód QR chun a bheith páirteach i Lá na gCiorcal i mbliana!

Grianghraif ó Lá na gCiorcal 2025

An bhfeiceann tú do ghrúpa féin ann?

Conradh na Gaeilge

Le tacaíocht ó Foras na Gaeilge

SEACHTAIN na Gaeilge

Spreagadh chun gnímh a thabhairt do ghrúpaí pobal laistigh agus lasmuigh den Ghaeltacht le himeachtaí sa phobal a eagrú

GLACFAR LE hIARRATAIS

5 Nollaig 2025 - 14 Eanáir 2026 11:00

Cé mhéad?

Tá suas le €1,000 ar fáil d'imeacht amháin
nó €5,000 do shraith imeachtaí

snag.ie/cs

Conradh na Gaeilge

SEACHTAIN na Gaeilge

An Roinn Forbartha Tuaithe agus Pobail agus Gaeltachta
Department of Rural and Community Development and the Gaeltacht